# Vóta 37 Pinsin Airm

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí ar iníoctha iad faoi il-reachtanna i leith nó i ndáil le baill d'Óglaigh na hÉireann agus Eagrais Mhíleata áirithe eile, srl., agus ar il-ranníocaíochtaí agus il-chaiteachais a mbaineann leis sin; ar liúntais leanaí seach-reachtúla áirithe agus íocaíochtaí eile agus ar ildeontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Cosanta.

**Michael Howard**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta
27 Feabhra 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 37: Pinsin Airm le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cosanta i ndáil leis an Vóta ar Phinsin an Airm. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

# Vóta 37 Pinsin Airm
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | | 2011 Soláthar don mheastachán | 2011 Caiteachas | 2010 Caiteachas |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Bord na bPinsean Airm** | | | | |
| A. | Tuarastail, pá agus liúntais | | 103 | 100 | 99 |
| | **Pinsin, liúntais, srl.** | | | | |
| B. | Scéimeanna Fórsaí Cosanta (Pinsin) agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 197,835 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 15,800 | 213,635 | 213,681 | 207,897 |
| C. | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí d'iarbhaill nó maidir le hiarbhaill na nÓglach | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 8,500 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (40) | 8,460 | 8,420 | 8,716 |
| D. | Íocaíochtaí maidir le hAthlaochra Chogadh na Saoirse | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,400 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (270) | 1,130 | 1,124 | 1,430 |
| E. | Íocaíochtaí cúitimh | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 200 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (180) | 20 | 18 | 18 |
| F. | Fearais liachta, costais taistil agus teagmhasacha | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 50 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (10) | 40 | 36 | 42 |
| | **Olliomlán** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 208,088 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 15,300 | **223,388** | **223,379** | **218,202** |
| | **Bain de** | | | | |
| G. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 6,221 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (300) | **5,921** | **6,125** | **6,230** |
| | **Glaniomlán** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 201,867 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 15,600 | | | |
| | | | **217,467** | **217,254** | **211,972** |
| | **Farasbarr don bhliain** | | | **€212,526** | **€21,227** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | 100 | 99 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 223,279 | 218,103 |
| **Olliomlán** | | 223,379 | 218,202 |
| Bain de | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 6,125 | 6,230 |
| **Caiteachas díreach** | | 217,254 | 211,972 |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara | 1.1 | 1,726 | 1,734 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | 218,980 | 213,706 |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta de na méideanna measta a leanas i ndáil le Vóta 37 a taobhaíodh in áit eile

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 36 | Cosaint | 1,726 | 1,734 |
| | | 1,726 | 1,734 |

# 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.1 | 216 | 1,229 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.2 | 1 | 9 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **217** | **1,238** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa | 2.3 | 5 | 1,218 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.4 | 212 | 20 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **217** | **1,238** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | — | — |

## 2.1 Banc agus Airgead Tirim

| Ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus airgead tirim | 664 | 2,477 |
| Orduithe Íochaíochta gan Íoc | (448) | (1,248) |
| | 216 | 1,229 |

## 2.2 Iarmhéideanna Eile Dochair

| Ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Fionraí agus asbhaintí ó thuarastail | 1 | 9 |
| | 1 | 9 |

## 2.3 Iarmhéideanna creidmheasa

| Ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3 | 946 |
| Tobhacht ar ioncaim | — | 156 |
| Árachas Sóisialach Pá - Choibhneasta | — | 100 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | — | 1 |
| | 3 | 1,203 |
| Fionraí agus asbhaintí ó thuarastail | 2 | 15 |
| | 5 | 1,218 |

## 2.4 Glandliteanas don Státchiste

| Ag 31 Nollaig | **2011**<br>**€000** | **2010**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 213 | 21 |
| Deontas an státchiste nár tarraingíodh | (1) | (1) |
| Glandliteanas don Státchiste | 212 | 20 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 216 | 1,229 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1 | 9 |
| | 217 | 1,238 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Méideanna dlite don Stát | (3) | (1,203) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí agus asbhaintí ó thuarastail | (2) | (15) |
| | (5) | (1,218) |
| | | |
| | 212 | 20 |

## 3 Athruithe ar Chaiteachas

Ní raibh an toradh maidir le caiteachas ar an uile fhotheideal an-difriúil ó na suimeanna a cuireadh ar fáil.

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2011 Measta €000** | **2011 Réadaithe €000** | **2010 Réadaithe €000** |
|---|---|---|---|---|
| 1. Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin na bhFórsaí Cosanta um Chéilí agus Leanaí | | | | |
| *Meastachán bunaidh* | 4,721 | | | |
| *Meastachán forlíontach* | (300) | 4,421 | 4,677 | 4,847 |
| 2. Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann | | 1,400 | 1,291 | 1,294 |
| 3. Aisghabháil ró-íocaíochtaí | | 30 | 96 | 31 |
| 4. Iocaíochtaí a fuarthas maidir le seirbhís aistrithe | | 30 | 29 | 27 |
| 5. Ilghnéitheach | | 35 | 27 | 26 |
| 6. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse | | 5 | 5 | 5 |
| | | 5,921 | 6,125 | 6,230 |

**Míniú ar na mórathruithe**
Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| **Teideal** | **Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| 1. | (256) | D'éirigh níos mó pearsanra as Óglaigh na hÉireann in 2011 ná mar a rabhthas ag súil leis agus bhí na ranníocaíochtaí a baineadh as a gcuid aiscí faoin scéim seo ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| 2. | 109 | Tugadh meastachán thar a luach ar na fáltais a rabhthas ag súil leo don bhliain 2011. Is deacair fáltais a thuar go cruinn de thairbhe go n-athraíonn líon na ndaoine a íocann ranníocaíochtaí le linn na bliana. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 2 | 2 |

| | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 94 | 93 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | — | — |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 2 | 2 |
| **Pá iomlán** | **96** | **95** |

Tugann an bheirt bhall foirne tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean. Mar aon leis na costais phárolla seo, íocadh timpeall €3,724 i leith taistil agus cothú in 2011.

Tá baint ag 26 fostaithe de chuid na Roinne Cosanta le riarachán pinsean agus íocaíochtaí gaolmhara eile. Is ionann a luach saothair agus thart ar €1.2m, agus gearrtar é ar Vóta 36.

## 6 Ilgnéitheacha

### 6.1 Nithe a Díscríobhadh

Le linn na bliana rinneadh suim de €5,262 a dhíscríobh maidir le 43 cás de ró-íocaíocht pinsean agus liúntas. B'ionann na ró-íocaíochtaí comhlána agus €6,211 dá ndearnadh €949 a aisghabháil.